Nuair a bhí Joe dána
Ceacht: Ag Cuimhneamh ar an Scéal

Naisc leis an gCuraclam:		
Gaeilge	**Snáitheanna**: Labhairt, Éisteacht, Léitheoireacht	**Snaithaonaid**: Ag cothú spéise, Ag úsáid teanga, Ag cothú fonn na léitheoireachta
Drámaíocht	**Snáith**: Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh chun tuiscint a chothú	**Snáithaonaid**:Iniúchadh agus déanamh drámaíochta
OSPS	**Snáitheanna**: Mise, Maise agus Daoine Eile, Mise agus an Domhan Mór	**Snáithaonaid**: Féinaithne, Caidreamh le Daoine Eile,

Gníomhaíocht a hAon – Sona agus Brónach
Gníomhaíocht a Dó – Conas a mhothaíonn tú?
Gníomhaíocht a Trí – Is geal liom sibh go léir.

Cuspóirí:

- *Beidh sé ar chumas na bpáistí cuimhneamh ar an scéal Nuair a bhí Joe dána, agus smaoineamh ar cén fáth go raibh Jackie brónach.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí tuiscint a fháil ar cén fáth go bhfuil Elmo sona/brónach sa físeán Happy/Sad.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí nasc a dhéanamh idir íomhánna de mhothúcháin agus na heachtraí a tharla sa scéal.*

Gníomhaíocht a hAon - Sona agus Brónach

- Taispeáin an físeán ar an gClár Bán Idirghníomhach. @http://www.sesamestreet.org/play#media/video_a51c80fa-1548-11dd-8ea8-a3d2ac25b65b nó http://youtube.com/watch?v=lhvlh3V8Nz4
- Tabhair cuireadh do na páistí a dtuairimí faoin bhfíseán a nochtach.
- Cuir ceisteann orthu mar seo: *"Cén fáth go raibh áthas ar Elmo? Cad a chuir brón ar Elmo?"*

Gníomhaíocht a Dó - Conas a mhothaíonn tú?

- Roinn an rang i ngrúpaí beaga agus taispeáin na híomhánna de mhothúcháin ar an gClár Bán Idirghníomhach.
- Iarr orthu na mothúcháin a phlé agus a ainmniú.
- Mínigh do na páistí go mbeidh tú ag léamh amach roinnt eachtraí ón scéal (Nuair a bhí Joe dána). Iarr ar na páistí freagairt do gach eachtra trí íomhá a roghnú ón gClár a théann leis an eachtra sin.
- Pléigh conas mar a mhothódh sé i ngach cás.
- Roghnaigh páistí ó gach grúpa leis na tuairimí a phlé.

Eachtraí:

1. *Tá do thuismitheoirí/cúramóirí ar buile mar go ndearna tú rud nár cheart duit a dhéanamh. Conas a mhothaíonn tú?*

2. *Tá deartháir/deirfiúr nua agat agus tá do thuismitheoirí ag caitheamh an-chuid ama leis/léi. Conas a mhothaíonn tusa?*
3. *Cuireann do dhearáirín/deirfiúirín bia i do chuid gruaige agus tá sé fliuch salach. Conas a mhothaíonn tú?*
4. *Tá tú ag súgradh agus deireann gach duine leat a bheith ciúin, gan an leanbh a dhúiseacht. Conas a mhothaíonn tú?*
5. *Briseann do dheartháirín/deirfiúirín bréagán de do chuidse. Conas a mhothaíonn tú?*

Gníomhaíocht a Trí – Is geal liom sibh go léir

- Éist leis an scéal Is geal liom sibh go léir le Walker Books Éireann ar soundcloud, nó bain úsáid as an leabhar féin má tá sé sa scoil. https://soundcloud.com/walkereireann
- Pléigh an nasc leis an scéal, agus le conas a mhothaíonn Jackie.